Bord Oideachais agus Oiliúna
Átha Cliath agus Dhún Laoghaire

FOGHLAIM ÉACHT RATH

Ráiteas Straitéise

2017-2021

ddletb

Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
Dublin and Dún Laoghaire Education and Training Board

FOGHLAIM ÉACHT RATH

Ráiteas Straitéise 2017 - 2021

Clár an Ábhair

1	Teachtaireacht ó Chathaoirleach Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire	L.5
2	Réamhrá an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin	L.6
3	Achoimre Fheidhmeach	L.7
4	Gearrchuntas ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire	L.10
4.1	Reámhrá	
4.2	Fís agus luachanna	
4.3	Rialachas agus creat reachtaíochta	
4.4	Forléargas ar chláir agus ar sheirbhísí	
4.5	Fíricí agus figiúirí	
5	Comhthéacs	L.14
5.1	Tírdhreach an oideachais agus na hoiliúna in Éirinn	
5.2	An dearcadh réigiúnach	
6	An Straitéis	L.18
6.1	An cur chuige maidir le forbairt na straitéise	
6.2	Spriocanna, tosaíochtaí agus gníomhartha	
6.3	Forfheidhmiú	
	Giorrúcháin	L.26
	Aguisíní	L.27

Teachtaireacht ó Chathaoirleach Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire

Is mór agam é Ráiteas Straitéise 2017 – 2021 Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire (BOOÁCDL) a chur i láthair. Is doiciméad an-suntasach é seo toisc gurb é an chéad Ráiteas Straitéise don eagraíocht nua againn é. Tógann sé ar thraidisiún fada nuálaíochta agus freagrúlachta d'fhoghlaimeoirí agus do phobail Chontae Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire ag na heagraíochtaí agus ag na hionaid oiliúna a chónascadh i bhfoirm an BOOÁCDL i 2013.

Creidim go gcuirfidh an straitéis seo ar ár gcumas fás agus forbairt mar eagraíocht nua agus go gcabhróidh sí linn oideachas agus oiliúint den chaighdeán is airde a sholáthar sna cúig bliana atá romhainn.

Tá ardmholadh ag dul do bhaill Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire, don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, Paddy Lavelle, agus don fhoireann uile as ucht a gcuid oibre agus a dtiomantas leanúnach maidir le forbairt na straitéise seo. Guím gach rath ar ár bhfoghlaimeoirí agus ar an bhfoireann uile agus sinn ag obair le chéile le nithe a fhoghlaim, a chur i gcrích agus a bhaint amach.

Rose Callan
Cathaoirleach

Réamhrá an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire ag ullmhú do theacht in inmhe na mílaoise i 2021. Tabharfaidh an straitéis ardleibhéil seo treoir dúinn ag tarraingt ar an dáta dea-thuair sin trí spriocanna agus tosaíochtaí a leagadh síos a chabhróidh linn seirbhísí oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán a sholáthar i bhFine Gall, i mBaile Átha Cliath Theas agus i nDún Laoghaire sna cúig bliana atá romhainn.

Cuireadh an Straitéis agus an Plean Gníomhaíochta is déanaí ag an Roinn Oideachais agus Scileanna san áireamh agus na spriocanna agus na tosaíochtaí seo á bhfrámú againn. Go deimhin, tá spriocanna an Phlean Gníomhaíochta sin ag teacht go binn lenár spriocanna féin. Tá sé ar intinn againn aidhm fhoriomlán an rialtais a chur chun cinn maidir leis an seirbhís oideachais agus oiliúna is fearr san Eoraip a bheith in Éirinn faoi 2026. Chuige seo, táimid chun oibriú lenár bpáirtithe leasmhara sa Roinn Oideachais agus Scileanna agus le SOLAS lena chinntiú go leantar le feabhas a chur ar gach gné dár bhfeidhmíocht agus dár seirbhísí.

Táimid tiomanta don chlár oibre athraithe seo ó bunaíodh sinn, agus leanfar le cur le saothar Bhord na hÉireann um Oiliúint san Oideachas d'fhonn na cuspóirí sin a bhaint amach. Leis an gclár oibre athraithe táimid chun aistriú chuig múnla seirbhísí comhroinnte in oibríochtaí airgeadais agus párolla agus beidh dea-thionchar aige sin ar an seirbhís a bhíonn á soláthar againn.

Beidh ár bhfócas ar fhorfheidhmiú na straitéise ag leibhéal scoile agus ionaid a threorú. Beidh gach seirbhís in ann measúnú agus pleanáil a dhéanamh i gcomhthéacs ár spriocanna, ár dtosaíochtaí agus ár ngníomhartha uileghabhálacha. Tabharfaidh na seirbhísí tuairisc ar a mbíonn bainte amach acu i bhforfheidhmiú na straitéise ar bhonn leanúnach.

Tá sé mar aidhm againn taithí foghlama ar ardchaighdeán a sholáthar. Déanfar an dul chun cinn maidir le gach sprioc a bhíonn leagtha síos sa straitéis a thomhas ag leibhéal scoile agus ionaid. Ní fhágfar scoileanna agus ionaid ina n-aonar ina n-iarrachtaí ar fheabhsúcháin a bhaint amach, mar sin féin, bainfidh siad leas as an gcomhoibriú le daoine eile trí ghréasán ina gcuireann cultúr tacaíochta ar chumas gach duine feidhmiú níos fearr.

Is tuar dóchais é go dtagann na cúig bhunluachanna a aithníodh sa phróiseas comhairliúcháin, a chuir an straitéis seo ar an eolas, lena bhfacamar cheana féin mar bhunús lena mbíonn á dhéanamh againn. Baineann gach luach leis an gcuid is fearr dá bhfuil á bhaint amach againn. Is iad sin: Comhionannas; Gairmiúlacht; Ionracas; Comhoibriú; Nuálaíocht.

Molaim an straitéis seo duit agus a fhios agam go gcabhróidh sí linn feabhas a chur ar thaithí ár bhfoghlaimeoirí uile go dtí 2021.

Pádraig Ó Maolfhábhail

Pádraig Ó Maolfhábhail
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Achoimre Fheidhmeach

Leagann Ráiteas Straitéise BOOÁCDL síos spriocanna ardleibhéil don eagraíocht faoi cheithre Sprioc Straitéiseach:

- Cláir oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán.
- Taithí ar ardchaighdeán d'fhoghlaimeoirí.
- Forbairt eagraíochta agus foirne.
- Cumarsáid agus comhoibriú éifeachtach.

Tá a tosaíochtaí straitéiseacha féin ag baint le gach sprioc a ndéanfar freastal orthu trí shraith de ghníomhartha tacaíochta. Ceapadh na spriocanna agus na tosaíochtaí seo le cabhrú le BOOÁCDL leas a bhaint as na deiseanna a éiríonn agus freastal ar na dúshláin a bheidh i ndán dó sna cúig bliana atá romhainn.

Sprioc 1: Cláir oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán

Ar na tosaíochtaí straitéiseacha a bhaineann leis an sprioc seo áirítear teagasc agus foghlaim thar cionn le dearbhú cáilíochta a sholáthar do chách le hardleibhéil ghnóthachtála agus chreidiúnaithe á bhaint amach ag foghlaimeoirí. Bainfear iad seo amach trí chláir agus trí thionscnaimh ábhartha, sofhreagracha, comhtháite agus nuálacha.

Ar na gníomhaíochtaí a bheidh ann le tacú leis na tosaíochtaí straitéiseacha seo áirítear comhthuiscint a fhorbairt ar a bhfuil i gceist le barr feabhais i dteagasc agus i bhfoghlaim i BOOÁCDL. Cuirfidh seo polasaí uileghabhálach teagaisc agus foghlama ar an eolas ag cuimsiú ár mbunluachanna agus ag éascú foghlama ar feadh an tsaoil.
Tabharfar tacaíocht dár bhfoghlaimeoirí lánacmhainneacht a chomhlíonadh agus dul chun cinn a dhéanamh ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí. Bunófar Foireann Bainistíochta Cáilíochta Breisoideachais agus Oiliúna (BOO) d'fhonn ár gCóras Dearbhaithe Cáilíochta nua do BOO a chur i bhfeidhm agus le hullmhú d'Údarás Tarmligthe ó QQI.

Sprioc 2: Taithí ar ardchaighdeán d'fhoghlaimeoirí

Ar na tosaíochtaí straitéiseacha faoin sprioc seo áirítear dea-eispéireas foghlama agus timpeallachta le hacmhainní agus áitreabh a bhíonn oiriúnach don fhoghlaimeoir. Tabharfar tacaíocht d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil, d'forbairt phearsanta, do dhul chun cinn agus d'fhostaíocht. Beidh tiomantas láidir ann freisin d'fhoghlaim le cuidiú teicneolaíochta d'fhonn tacú le foghlaim neamhspleách agus comhoibríoch.

Tá a tosaíochtaí straitéiseacha féin ag baint le gach sprioc a ndéanfar freastal orthu trí shraith de ghníomhartha tacaíochta.

Ar na gníomhaíochtaí a thacóidh leis na tosaíochtaí seo áirítear straitéisí agus acmhainní a fhorbairt le tacú le scoileanna le haghaidh a thabhairt ar mhíbhuntáiste oideachasúil; Cairteacha Foghlaimeora a bhunú a thabharfadh cur síos ar an gcaighdeán seirbhíse a bhféadfadh ár bhfoghlaimeoirí a bheith ag súil leis ó BOOÁCDL; agus tosaíochtaí a aithint le foirgnimh a fheabhsú.
Tacófar le scileanna fiontraíochta agus digiteacha a fhorbairt i measc ár lucht foghlama. Mar thoradh ar sin déanfar deiseanna a fhorbairt d'fhoghlaim neamhfhoirmeálta chomh maith le hoibriú lena chinntiú go mbíonn bealaí éifeachtacha chuig breis agus ardoideachas agus fostaíocht leagtha amach go soiléir agus curtha in iúl dár bhfoghlaimeoirí.
Déanfar straitéisí agus acmhainní, le tacú le scoileanna le hoideachas speisialta agus ionchuimsitheach a sholáthar agus le haghaidh a thabhairt ar mhíbhuntáiste oideachasúil, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Sprioc 3: Forbairt eagraíochta agus foirne

Áirítear ar na tosaíochtaí straitéiseacha anseo go ndéanfaí cultúr nuálaíochta agus feabhsaithe a chruthú san eagraíocht. Beidh seo bunaithe ar rialachas eiticiúil, freagracht, acmhainn a fhorbairt do cheannasaíocht ghníomhach, agus tacaíocht don fhoireann a chuimsíonn forbairt ghairmiúil agus ghairmréime.
Dá réir sin déanfar athstruchtúrú ar an eagraíocht d'fhonn an straitéis a chur i bhfeidhm agus le freagairt d'athruithe ar pholasaí agus ar reachtaíocht de réir mar a tharlaíonn said. Déanfar cultúr nuálaíochta a bhíonn in ann freastal ar athrú agus ar fheabhsú leanúnach a chothú. Déanfar straitéis bhrandála agus mhargaíochta a fhobairt le poiblíocht a thabhairt dár ngníomhartha agus dár gclár nuálach. Ina theannta sin, leanfar le dea-rialachas a dhaingniú ar fud na heagraíochta ag teacht le cód cleachtais maidir le rialachas na BOOanna.

Sprioc 4: Cumarsáid agus comhoibriú éifeachtach

Is iad na tosaíochtaí straitéiseacha a bhaineann leis an sprioc seo ná feabhas a chur ar ár gcóras cumarsáide inmheánach agus seachtrach agus líonraí straitéiseacha agus comhpháirtíocht a fhorbairt leis na príomhpháirtithe leasmhara.
Déanfar forbairt dá réir ar ár mbonneagar TFC le feabhas a chur ar chumarsáid, ar chomhroinnt faisnéise agus ar líonrú go hinmheánach agus go seachtrach araon. Cuirfear feabhas dá réir freisin ar na córais faisnéis bhainistíochta le tacú le feabhas a chur ar an soláthar oideachais agus oiliúna i scoileanna, coláistí, ionaid agus seirbhísí. Cuirfear feabhas freisin ar ár gcaidreamh le comhlachtaí, gníomhaireachtaí agus páirtithe leasmhara ábhartha áitiúla agus náisiúnta le tacú leis na cláir agus na seirbhísí d'fhoghlaimeoirí.

Fís, misean agus spriocanna straitéiseacha

FÍS

Treoir ghníomhach a thabhairt maidir le hoideachas agus oiliúint ar ardchaighdeán a sholáthar.

MISEAN

Réimse leathan de chláir oideachais agus oiliúna, de sheirbhísí agus de thacaíocht do leanaí, do dhaoine óga agus do dhaoine fásta a sholáthar ar fud réigiúin an BOOÁCDL.

SPRIOCANNA

1. Cláir oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán
2. Taithí ar ardchaighdeán d'fhoghlaimeoirí
3. Forbairt eagraíochta agus foirne
4. Cumarsáid agus comhoibriú éifeachtach

4 Gearrchuntas ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire

4.1 Réamhrá

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire i mí Iúil 2013 trí chumasc dhá Choiste Gairmoideachais (CGOanna); CGO Chontae Bhaile Átha Cliath agus CGO Dhún Laoghaire. Déanadh ionchorprú ina dhiaidh sin ar thrí Ionad Oiliúna SOLAS (FÁS roimhe seo) i mBaile Dúill, i mBaile Uí Lachnáin, agus sa Tamhlacht go dtí BOOÁCDL i mí Eanáir 2014.

4.2 Ár bhfís agus ár luachanna

Is í ár bhfís treoir ghníomhach a thabhairt maidir le hoideachas agus oiliúint ar ardchaighdeán a sholáthar. Is é ár misean réimse leathan de chláir oideachais agus oiliúna, de sheirbhísí agus de thacaíocht do leanaí, do dhaoine óga agus do dhaoine fásta a sholáthar ar fud réigiúin an BOOÁCDL. Cuirtear an foghlaimeoir i gcroílár gach a mbíonn á dhéanamh againn. Creidimid go bhfuil foghlaim ar feadh an tsaoil riachtanach d'fhorbairt phearsanta agus d'fholláine, do chuimsiú sóisialta agus rath eacnamaíochta. Tugtar léiriú thíos ar ár luachanna oibriúcháin maidir le soláthar ár seirbhísí.

Luachanna oibriúcháin

- **Comhionannas**
  Cuirtear fáilte roimh, agus is mór againn iad cothroime, meas agus cuimsiú inár gcaitheamh lenár bhfoghlaimeoirí, ár bpáirtithe leasmhara agus lenár bhfoireann chomh maith le hilchineálacht.
- **Comhoibriú**
  Oibriú i gcomhpháirtíocht lenár bhfoghlaimeoirí, ár bpáirtithe leasmhara agus ár bhfoireann agus éascú a dhéanamh ar chomhroinnt eolais, saineolais agus scileanna.
- **Nuálaíocht**
  Fanacht mar cheannaire maidir le hoideachas agus oiliúint a sholáthar agus trí smaointe nua a spreagadh, triail a bhaint as cur chuige difriúil agus freastal a dhéanamh ar athrú.
- **Gairmiúlacht**
  Cúirtéis, éifeachtúlacht agus barr feabhais inár ndéileáil lenár bhfoghlaimeoirí, ár bpáirtithe leasmhara agus lenár bhfoireann agus oibriú de réir na gcaighdeán is airde in oideachas agus oiliúint.
- **Ionracas**
  Macántacht, trédhearcacht agus rúndacht agus freastal ar ár bhfreagrachtaí mar sholáthraí foghlama ar feadh an tsaoil ar bhealach comhsheasmhach agus eiticiúil.

Is í ár n-aidhm fhoriomlán a chur ar chumas ár bhfoghlaimeoirí barr a gcumais a bhaint amach. Déantar gach iarracht taithí foghlama a thairiscint a fhreagraíonn de riachtanais fhoghlaimeoirí de gach aois agus cumas. Cuirtear treoir agus tacaíocht ar fail dár bhfoghlaimeoirí le cabhrú leo a spriocanna foghlama agus cáilíocht a bhaint amach.

Tá sé mar aidhm againn leanúint ag fás mar eagraíocht fhoghlama agus a chinntiú go mbíonn teacht ag ár bhfoireann uile ar dheiseanna a bhaineann le forbairt ghairmiúil leanúnach.

Áirítear roghanna maidir le haistriú agus dul chun cinn dár bhfoghlaimeoirí le huasmhéadú a dhéanamh ar a ndeiseanna dul i mbun breisoideachais agus oiliúna agus fostaíocht a fháil. Tugtar aitheantas don tábhacht a bhaineann le háitreabh agus le hacmhainní oiriúnacha dár bhfoghlaimeoirí inár dtiomantas d'oideachas cuimsitheach.

Tuigtear dúinn cad iad na freagrachtaí atá orainn maidir le cearta daonna agus comhionannas, mar sholáthraí seirbhíse agus mar fhostóir araon.

Tuigtear dúinn a thábhachtaí atá teicneolaíocht mar bhealach le feabhas a chur ar fhoghlaim, ar chomhoibriú agus ar chumarsáid i measc ár bhfoghlaimeoirí agus ár bpáirtithe leasmhara. Chuige seo, táthar ag obair lena chinntiú go mbíonn ár gcóras digiteach sothuigthe, iontaofa agus cosanta.

Tá sé mar aidhm againn leanúint ag fás mar eagraíocht fhoghlama agus a chinntiú go mbíonn teacht ag ár bhfoireann uile ar dheiseanna a bhaineann le forbairt ghairmiúil leanúnach. Áirítear orthu seo a chur ar chumas na foirne a bheith ina gcleachtóirí athmhachnamhacha, feabhas a chur ar a scileanna, agus comhoibriú lena gcomhghleacaithe. Aithnítear gur féidir forbairt ghairmiúil a éascú ar bhealaí éagsúla; ó chláir chreidiúnaithe go ceardlanna agus líonraí foghlama gairmiúla.

Tuigtear dúinn gurb iad an fhoireann tacaíochta agus riaracháin inár scoileanna, ionaid agus seirbhísí chomh maith leis príomhfheidhmeanna tacaíochta sa Cheannoifig is údar le formhór na hoibre ag an eagraíocht. Leagtar luach an-ard ar shaothar na mBord Bainistíochta éagsúla a thacaíonn le BOOÁCDL ag leibhéal eagraíochtúil agus ag leibhéal ár scoileanna, ár gcoláistí breisoideachais agus Ógtheagmháil. Oibrítear freisin i gcomhpháirt le príomhpháirtithe leasmhara agus le gníomhaireachtaí ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta d'fhonn seirbhís ar ardchaighdeán a sholáthar dár bhfoghlaimeoirí.



4.3 Rialachas agus creat reachtaíochta

Tacaíonn Boird Bainistíochta scoileanna, coláistí breis oideachais agus Óg Theagmháil BOOÁCDL le hobair na heagraíochta freisin.

Tá BOOÁCDL faoi rialú ag Bord ar a bhfuil 21 ball. Áirítear orthu sin 12 ionadaí ó na trí chomhairle contae áitiúil: Fine Gall, Baile Átha Cliath Theas, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin; beirt bhall tofa ón bhfoireann; beirt ionadaí ag na tuismitheoirí; agus cúigear ball le heolas speisialta ar oideachas agus oiliúint ar a n-áirítear ionadaí na bhfoghlaimeoirí agus ionadaí a bhaineann le gnó. Tá liosta iomlán de Bhaill an Bhoird ar fáil in Aguisín 1.
Faoi mar atá ráite thuas, tacaíonn Boird Bainistíochta scoileanna, coláistí breis oideachais agus Óg Theagmháil BOOÁCDL le hobair na heagraíochta freisin.

4.4 Léarscáil de na cláir agus de na seirbhísí atá againn

Tá liosta iomlán dár scoileanna, coláistí, ionaid agus seirbhísí ar fail in Aguisín 2 agus ar ár suíomh gréasáin www.ddletb.ie

Figiúr 1: cláir agus seirbhísí BOOÁCDL.



4.5 Fíricí agus figiúirí



CAITEACHAS BLIANTÚIL

€198m

Comhthéacs

5

5.1 Tírdhreach an oideachais agus na hoiliúna in Éirinn

Tá oideachas agus oiliúint aitheanta mar phríomhthosaíochtaí ag an rialtas.

Reachtaíocht & Rialachán

Ag an leibhéal náisiúnta, tá oideachas agus oiliúint aitheanta mar phríomhthosaíochtaí ag an rialtas. Cuirtear béim sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta 2016 ar an nasc idir oideachas agus comhionannas chomh maith le rath eacnamaíochta. Feictear go bhfuil barr feabhais agus nuálaíocht in oideachas agus oiliúint riachtanach le daoine a chumasú lena n-acmhainn a bhaint amach agus go mbeadh rath ar ár dtír.

Le blianta beaga anuas, tharla roinnt athruithe suntasacha i dtírdhreach an oideachais agus na hoiliúna in Éirinn. Ba de bharr Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013 a bunaíodh 16 Bord Oideachais agus Oiliúna (BOOanna) chomh maith le cód cleachtais a thabhairt isteach maidir le rialachas. Mórfhorbairt eile a d'éirigh as Acht Breisoideachais agus Oiliúna 2013 ná gur bunaíodh An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna (SOLAS) mar údarás náisiúnta breisoideachais agus oiliúna. Mír shuntasach reachtaíochta eile is ea Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2012 toisc gur bhunaigh sé Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) agus na córais Dearbhaithe Cáilíochta do BOOanna.

Forbairt Beartais

Tá roinnt príomhpholasaithe ag dul i bhfeidhm ar an soláthar oideachais agus oiliúna in Éirinn faoi láthair. Faoi Phlean Gníomhaíochta Oideachais 2016 – 2019 An Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS), déantar tagairt ar leith d'fhorfheidhmiú Chreata nua na Sraithe Sóisearaí lena ghearrchúrsaí nua, a ghrúpthionscadail agus Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí. Déantar tagairt freisin do phlean nua do scoileanna ina ndéantar clár DEIS a thairiscint le tacú le gnóthachtáil agus dul chun cinn. Príomhghníomh eile is ea cur le roghanna códaithe agus TFC i scoileanna. Mar thoradh ar athbhreithniú a déanadh san earnáil Bhreisoideachais agus Oiliúna (BOO) déanadh printíseachtaí nua a fhorbairt. Ina theannta sin, d'fhoilsigh Bord na hÉireann um Oiliúint san Oideachas (BÉOO) straitéis le déanaí maidir le foghlaim le cuidiú teicneolaíochta i gcomhpháirtíocht le SOLAS.

Socheacnamaíocht

Tá athrú ag teacht ar gheilleagar na hÉireann agus sinn ag teacht as an meathlú geilleagair le hathruithe dá réir ar an margadh fostaíochta. Dá bhrí sin tá BOOÁCDL ag obair i dtimpeallacht dúshlánach mar a bhfuil orainn níos mó a dhéanamh leis na hacmhainní céanna chomh maith le freastal ar riachtanais na gcóras nua pleanála agus tuairiscithe. Tá mórthionchar freisin ag an bPlean um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí 2011 agus leanfaidh sin le tionchar a bheith aige ar chuid de phríomhfheidhmeanna eagraíochtúla agus sheirbhísí airgeadais BOOÁCDL de bharr na gluaiseachta i dtreo seirbhísí comhroinnte ar fud na hearnála.

Forbairtí Teicneolaíochta

Tá tionchar suntasach ag dul chun cinn i dteicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide ar oideachas, oiliúint agus riarachán. Tharla fás as cuimse le blianta beaga anuas ar líonraí gan sreang, néalseirbhísí, gléasanna móibíleacha agus na meáin shóisialta a úsáid. Tugtar imlíne ar na buntáistí agus na dúshláin a bhaineann le huirlisí teicneolaíochta agus foghlama digiteach a dhaingniú san earnáil oideachais i Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 2015 – 2020 agus is i Straitéis d'Fhoghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta do Bhreisoideachas agus Oiliúint 2016 – 2019 An Roinn Oideachais agus Scileanna.

Tá na tosca go léir atá luaite thuas tar éis dul i bhfeidhm ar ár gceithre sprioc straitéiseach.



Figiúr 2: Tosca a chuaigh i bhfeidhm ar thírdhreach straitéiseach BOOÁCDL

Tiomsaíonn réigiún BOO Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire ceantar na dtrí údarás áitiúil d'Fhine Gall, Baile Átha Cliath Theas agus Dún Laoghaire-Ráth an Dúin.

Baile Brigín
Na Sceirí
Lusca
An Ros
Domhnach Bat
Sord
Domhnach Míde
Baile Bhlainséir
Caisleán Cnucha
Leamhcán
Cathair Átha Cliath
Cluain Dolcáin
An Charraig Dhubh
Dún Droma
Stigh Lorgan
Dún Laoghaire
Tamhlacht
Cathrach Theas
Baile Uí Lachnáin

5.2 An dearcadh réigiúnach

Tíreolaíocht agus déimeagrafaic

Tiomsaíonn réigiún BOO Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire ceantar na dtrí údarás áitiúil d'Fhine Gall, Baile Átha Cliath Theas agus Dún Laoghaire-Ráth an Dúin. Síneann sé ó Bhaile Brigín ó thuaidh go Leamhcán san iarthar agus Bré ó dheas mar a bhfuil daonra foriomlán de 750,000 duine.

Tá treochtaí éagsúla déimeagrafaice agus socheacnamaíocha le feiceáil sa réigiún seo. Tá an-éagsúlacht ag baint le rátaí fáis an daonra, mar shampla, i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin tharla fás measartha de 11% le 20 bliain anuas, fad a léirigh Contae Fhine Gall an fás ba airde in aon chontae in Éirinn don tréimhse chéanna le méadú os cionn 79%.

Bhí an-éagsúlacht freisin ag baint le próifíl aoise. Tá Fine Gall ar an gcontae is óige sa Stát le 32 mar mheánaois agus tá an líon is airde de sheandaoine sa tír i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin. Idir an dá linn, tá an aoisghrúpa singil is mó sa tír i gContae Bhaile Átha Cliath Theas de dhaoine idir 25-44 bliana d'aois. Go foriomlán, tá 26% den daonra i gceantar BOOÁCDL faoi bhun 18 bliana d'aois.

Socheacnamaíocht

Tá Dún Laoghaire-Ráth an Dúin ar an údarás áitiúil is rachmasaí in Éirinn cé gur ann fós do cheantair mhóra atá faoi mhíbhuntáiste suntasach. Mar an gcéanna, cheapfaí go raibh Contae Bhaile Átha Cliath Theas rachmasach ach tá ceantair ann freisin atá faoi mhíbhuntáiste suntasach. Tá Fine Gall an-mheasctha freisin le ceantair atá an-rachmasach chomh maith le ceantair atá faoi mhór-mhíbhuntáiste.

Is ionann daoine ó phobail nua, ar a n-áirítear teifigh agus iarrthóirí tearmainn, agus mionlaigh eitneacha agus sciar cuíosach mór de lucht cónaithe an réigiúin. Tá an dara líon is airde den phobal Taistil i gContae Bhaile Átha Cliath Theas seachas aon chontae eile in Éirinn. Tugtar faoi deara freisin go bhfuil os cionn 5,000 faoi mhíchumas ina gcónaí i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin, ar líon é atá os cionn an mheáin náisiúnta.

Oideachas

Tá an-éagsúlacht ag baint leis an leibhéal oideachais ar fud an réigiúin. Tá sciar suntasach de dhaonra fásta Chontae Bhaile Átha Cliath Theas nach bhfuil acu ach oideachas bunscoile. Mar sin féin, tá an sciar sin le hardoideachas tar éis fás ó 12.6% i 1991 go dtí 29.5% i 2011, díreach faoi bhun an mheáin náisiúnta. Tá an ráta is airde oideachais tríú leibhéal sa tír i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin le ráta de 44.8%. Tháinig feabhas ar an leibhéal oideachais i measc na ndaoine fásta i bhFine Gall le cúig bliana anuas maidir le formhór na leibhéil oideachais. Mar shampla, tuairiscíodh gur thit céatadán foriomlán an daonra gan oideachas foirmiúil ná bunoideachas ó 10.8% go dtí 9.5%, agus thit céatadán na ndaoine le hiar-bhunoideachas sóisearach ó 17.1% go dtí 13.9%.

Fostaíocht

De réir an Suirbhé Ráithiúil Teaghlach Náisiúnta is déanaí a déanadh (Q2 2016) tá 617,000 duine fostaithe agus 54,000 duine dífhostaithe i réigiún Bhaile Átha Cliath. Is é an ráta dífhostaíochta don réigiún ná 8.1%, beagán faoi bhun an mheáin náisiúnta de 8.6%. Mar sin féin, léiríonn staitisticí An Roinn Coimirce Sóisialaí go bhfuil éagsúlacht suntasach ar an ráta ar fud an réigiúin le ceantair ina bhfuil dífhostaíocht suntasach sna trí chontae.

Tátal

Cruthaíonn an éagsúlacht fhorleathan seo sa daonra agus i bpróifílí socheacnamaíocha ar fud an réigiúin dúshláin shoiléire do BOOÁCDL maidir le seirbhísí oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán a sholáthar a bhíonn ag freagairt i gceart do riachtanais an fhoghlaimeora. Tá an gá atá le freastal ar na dúshláin seo tar éis tionchar a bheith aige ar fhorbairt na straitéise seo.

LÉIRIGH CONTAE FINE GALL FÁS NÍOS AIRDE NÁ AON CHONTAE EILE IN ÉIRINN

An Straitéis

6.1 An cur chuige maidir le forbairt na straitéise

Tá an Ráiteas Straitéise seo ann mar thoradh ar phróiseas comhairliúcháin ar tosaíodh air i mí Eanáir 2016. Ba é a bhí sa chomhairliúchán ná cruinnithe agus grúpaí fócais ina raibh bainisteoirí, comhordaitheoirí, agus foirne tacaíochta agus forbartha ón eagraíocht uile agus ó Bhord BOOÁCDL. Ba phríomhchuid den chomhairliúchán a bhí sa tsuirbhé ar líne, mar aon le tuismitheoirí, an fhoireann, baill an bhoird, comhpháirtithe straitéiseacha agus páirtithe leasmhara eile.
Tháinig roinnt spriocanna agus tosaíochtaí straitéiseacha chun cinn as an bpróiseas seo.

An Taisc	Amscála
Réamhchruinnithe agus comhairliúchán	Eanáir 2016
Dréacht-chreat don Straitéis	Bealtaine 2016
Comhoibriú le BÉOO	Bealtaine 2016
Comhairliúchán tosaigh le bainisteoirí sinsearacha	Meitheamh 2016
Comhairliúchán tosaigh le meánbhainisteoirí agus Comhordaitheoirí	Iúil 2016
Faisnéisiú agus plé ag Bord BOOÁCDL	Deireadh Fómhair 2016
Comhairliúchán deiridh le bainisteoirí sinsearacha	Deireadh Fómhair 2016
An comhairliúchán deiridh le meánbhainisteoirí agus comhordaitheoirí	Samhain 2016
Grúpaí fócais agus páirtithe leasmhara ar a n-áirítear foghlaimeoirí, tuismitheoirí, foireann, Bord agus comhpháirtithe straitéiseacha BOOÁCDL	Samhain 2016
Suirbhé ar líne ar pháirtithe leasmhara	Samhain 2016
An Straitéis á tabhairt chun críche	Nollaig 2016
Faofa ag Bord BOOÁCDL	Eanáir 2017
Seoladh	Bealtaine 2017

6.2 Spriocanna, tosaíochtaí agus gníomhartha

Leagann Ráiteas Straitéise BOOÁCDL síos spriocanna ardleibhéil don eagraíocht trí chéile faoi cheithre Sprioc Straitéiseach:

- Cláir oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán.
- Taithí ar ardchaighdeán d'fhoghlaimeoirí.
- Forbairt eagraíochtúil agus foirne.
- Cumarsáid agus comhoibriú éifeachtach.

Ní amháin go bhfuil na spriocanna seo ag tagairt do theagasc agus d'fhoghlaim ach d'fheabhsú ár seirbhísí tacaíochta agus seirbhísí ár n-eagraíochta freisin.
Mar thaca le gach sprioc tá tacar de thosaíochtaí straitéiseacha. Ceapadh na tosaíochtaí seo le cabhrú le BOOÁCDL aghaidh a thabhairt ar na deiseanna agus ar na dúshláin atá i ndán don eagraíocht sna cúig bliana atá romhainn. Le réimse casta seirbhísí á soláthar do ghrúpa leathan den phobal, tá sé riachtanach go leanann BOOÁCDL lena acmhainn straitéiseach a thógáil go heagraíochtúil agus níos tábhachtaí fós mar sholáthraí foghlama ar feadh an tsaoil.

Tá fócas ar leith sa Straitéis agus chomhionannas agus ar chuimsiú sóisialta gníomhach. Tá roinnt freagrachtaí ar BOOÁCDL maidir le cearta daonna agus comhionannas, mar sholáthraí seirbhíse agus mar fhostóir araon. Chuige seo, leantar le cleachtais agus le nósanna imeachta a fhorbairt le deireadh a chur le leithcheal, le comhionannas deise agus láimhseála a chur chun cinn d'fhoghlaimeoirí agus don fhoireann agus cearta daonna na ndaoine go léir ar a bhfuilimid ag freastal agus atá fostaithe againn a chosaint.

Spriocanna agus tosaíochtaí straitéiseacha

Spriocanna Straitéiseacha	1 Cláir oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán	2 Taithí ar ardchaighdeán d'fhoghlaimeoirí	3 Forbairt eagraíochta agus foirne	4 Cumarsáid agus comhoibriú éifeachtach
Tosaíochtaí Straitéiseacha	1.1 Teagasc agus foghlaim den scoth do chách.	2.1 Dea-eispéireas foghlama agus timpeallacht le hacmhainní agus foirgneamh oiriúnach.	3.1 A bheith aitheanta mar phríomhsholáthraí le cultúr nuálaíochta agus feabhais.	4.1 Córais chumarsáide inmheánacha agus seachtracha feabhsaithe.
	1.2 Soláthar ar cháilíocht dhearbhaithe le hardleibhéil ghnóthachtála agus chreidiúnaithe ag foghlaimeoirí.	2.2 Eolas agus scileanna ábhartha d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil, forbairt phearsanta, dul chun cinn agus fostaíocht.	3.2 Rialachas eiticiúil le freagracht agus luach ar airgead a chinntiú.	4.2 Líonrú agus comhpháirtíochtaí straitéiseacha le príomhpháirtithe leasmhara.
	1.3 Pleanáil, comhordú agus athbhreithniú ar bhonn fianaise.	2.3 Tiomantas d'fhoghlaim le cuidiú teicneolaíochta d'fhonn tacú le foghlaim neamhspleách agus comhoibríoch.	3.3 Forbairt acmhainne do cheannasaíocht ghníomhach.	
	1.4 Cláir agus tionscnaimh ábhartha, sofhreagracha, comhtháite agus nuálacha.	2.4 Aiseolas do agus ó fhoghlaimeoirí agus tuismitheoirí.	3.4 Tacaíocht don fhoireann, forbairt leanúnach ghairmiúil agus ghairmréime.	
	1.5 Cleachtas athmhachnaimh le tacú le feabhsú agus le comhroinnt eolais, scileanna agus acmhainní.	2.5 Comhionannas agus cuimsiú sóisialta gníomhach.		

Gníomhartha straitéiseacha

Sprioc Straitéiseach 1
Cláir oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán.

Tosaíocht Straitéiseach 1.1
Teagasc agus foghlaim den scoth do chách.

Gníomhartha Straitéiseacha	Ceannas	Achar ama
1.1.1 Comhthuiscint a fhorbairt ar cad is brí le barr feabhais i dteagasc agus i bhfoghlaim i BOOÁCDL, ag baint úsáide as creataí cháilíochta reatha, agus a chinntiú go mbíonn gach gníomh straitéiseach faoina réir seo.	Stiúrthóir Scoileanna & Stiúrthóir BOO	2017 - 2020
1.1.2 Polasaí uileghabhálach teagaisc agus foghlama a cheapadh do BOOÁCDL a chuimsíonn ár mbunluachanna agus a éascaíonn foghlaim ar feadh an tsaoil.	Stiúrthóir Scoileanna & Stiúrthóir BOO	2017
1.1.3 Straitéisí agus acmhainní teagaisc agus foghlama a fhorbairt le foghlaim neamhspleách, foghlaim i gcomhar le daoine eile a chur chun cinn agus ábhar a chruthú le cúnamh na teicneolaíochta ag ár bhfoghlaimeoirí.	Stiúrthóir Scoileanna & Stiúrthóir BOO	2017 - 2020

Tosaíocht Straitéiseach 1.2
Soláthar ar cháilíocht dhearbhaithe le hardleibhéil ghnóthachtála agus chreidiúnaithe ag foghlaimeoirí.

Gníomhartha Straitéiseacha	Ceannas	Achar ama
1.2.1 Tacaíocht a thabhairt dár bhfoghlaimeoirí a lánacmhainneacht a chomhlíonadh agus dul chun cinn a dhéanamh ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí.	Príomhoidí, Bainisteoirí & OOA's	2017 - 2020
1.2.2 Úsáid a bhaint as sonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla ó Fhéinmheastóireacht Scoile, tuairiscí Cigireachta etc le hathbhreithniú a dhéanamh agus feabhas a chur ar theagasc agus ar fhoghlaim inár scoileanna.	Stiúrthóir Scoileanna & Príomhoidí	2017 - 2020
1.2.3 Foireann Bainistíochta Cáilíochta Breisoideachais agus Oiliúna (BOO) a bhunú d'fhonn ár gCóras Dearbhaithe Cáilíochta nua do BOO a chur i bhfeidhm agus le hullmhú d'Údarás Tarmligthe ó QQI.	Stiúrthóir BOO	2017

Tosaíocht Straitéiseach 1.3
Pleanáil, comhordú agus athbhreithniú ar bhonn fianaise.

Gníomhartha Straitéiseacha	Ceannas	Achar ama
1.3.1 Ár bplean seirbhíse bliantúil a chur i bhfeidhm.	POF	2017 - 2021
1.3.2 Pleananna bliantúla ag scoileanna, coláistí, ionaid agus leibhéal seirbhíse a chur i bhfeidhm agus a athbhreithniú.	Príomhoidí, Bainisteoirí & OOA's	2017 - 2021

Tosaíocht Straitéiseach 1.4
Cláir agus tionscnaimh ábhartha, sofhreagracha, comhtháite agus nuálacha.

Gníomhartha Straitéiseacha	Ceannas	Achar ama
1.4.1 Feabhas a chur ar straitéisí agus ar acmhainní le teangacha, litearthacht agus uimhearthacht (TLU) a chur chun cinn inár scoileanna agus i soláthar BOO.	Stiúrthóir Scoileanna & Stiúrthóir BOO	2017 - 2021
1.4.2 An fhís agus na príomhscileanna a bhaineann le Creat nua na Sraithe Sóisearaí a dhaingniú inár scoileanna dara leibhéal.	Stiúrthóir Scoileanna & Príomhoidí	2017 - 2021
1.4.3 Tacú lenár scoileanna agus iad a chur chun cinn maidir lena n-éiteas sainiúil spioradálta agus il-sainchreidmheach.	Stiúrthóir Scoileanna	2017
1.4.4 Na cláir nua printíseachta agus oiliúna gairmréime a chur i bhfeidhm.	Stiúrthóir BOO	2017

Tosaíocht Straitéiseach 1.5
Cleachtas athmhachnaimh le tacú le feabhsú agus le comhroinnt eolais, scileanna agus acmhainní.

Gníomhartha Straitéiseacha	Ceannas	Achar ama
1.5.1 Cleachtas athmhachnaimh a áireamh i ngach forbairt ghairmiúil leanúnach ag BOOÁCDL.	Gach Stiúrthóir	2017 - 2021
1.5.2 Líonraí foghlama gairmiúla agus cnuasghrúpaí scoile a sholáthar agus a mhéadú do mhúinteoirí dara leibhéal ar phríomhthéamaí ar a n-áirítear DEIS, EAL, LLN, SEN agus an tSraith Shóisearach.	Stiúrthóir Scoileanna	2017 - 2021
1.5.3 Rannpháirtíocht mhúinteoirí i scoileanna a chur chun cinn i gCeannaireacht Theagascach agus sa Chlár um Thraschur Foghlama (TL21), i gcomhpháirtíocht le hOllscoil Mhaigh Nuad.	Stiúrthóir Scoileanna	2017 - 2021

Sprioc Straitéiseach 2
Taithí ar ardchaighdeán d'fhoghlaimeoirí.

Tosaíocht Straitéiseach 2.1
Dea-eispéireas foghlama agus timpeallacht le hacmhainní agus foirgneamh oiriúnach.

Gníomhartha Straitéiseacha	Ceannas	Achar ama
2.1.1 Sláinte agus folláine a chur chun cinn inár gclár agus ár seirbhísí agus dea-chleachtas a chomhroinnt.	Príomhoidí, Bainisteoirí & OOA's	2017 - 2021
2.1.2 Straitéisí agus acmhainní a fhorbairt le tacú le scoileanna maidir le haghaidh a thabhairt ar mhíbhuntáiste oideachasúil.	Stiúrthóir Scoileanna	2017
2.1.3 Cairt Fhoghlaimeora a bhunú a thugann cur síos ar an gcaighdeán seirbhíse ar féidir lenár bhfoghlaimeoirí a bheith ag súil leis agus iad rannpháirteach le BOOÁCDL.	Stiúrthóir Scoileanna & Stiúrthóir BOO	2017 - 2020
2.1.4 Tosaíochtaí a aithint le feabhas a chur ar fhoirgnimh agus cistiú a lorg dá réir.	Stiúrthóir ar Thacaíocht & ar Fhorbairt Eagraíochtúil	2017 - 2021

Tosaíocht Straitéiseach 2.2
Eolas agus scileanna ábhartha d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil, forbairt phearsanta, dul chun cinn agus fostaíocht.

Gníomhartha Straitéiseacha	Ceannas	Achar ama
2.2.1 Tacú le scileanna fiontraíochta agus digiteacha a fhorbairt i measc ár lucht foghlama uile.	Stiúrthóir Scoileanna & Stiúrthóir BOO	2017 - 2021
2.2.2 Deiseanna a fhorbairt d'fhoghlaim neamhfhoirmeálta dár lucht foghlama.	Stiúrthóir Scoileanna & Stiúrthóir BOO	2018 - 2020
2.2.3 A chinntiú go mbíonn éifeachtacha le dul chun cinn chuig breis/ardoideachas agus fostaíocht sainmhínithe go soiléir agus curtha in iúl dár bhfoghlaimeoirí.	Príomhoidí, Bainisteoirí & OOA's	2017 - 2021
2.2.4 An Straitéis um Threoir Náisiúnta a chur i bhfeidhm i BOO.	Príomhoidí, Bainisteoirí & OOA's	2017 -2020

Tosaíocht Straitéiseach 2.3
Tiomantas d'fhoghlaim le cuidiú teicneolaíochta d'fhonn tacú le foghlaim neamhspleách agus comhoibríoch.

Gníomhartha Straitéiseacha	Ceannas	Achar ama
2.3.1 Foghlaim le cuidiú teicneolaíochta (FCT) a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar fud na heagraíochta.	Stiúrthóir Scoileanna & Stiúrthóir BOO	2017 - 2021
2.3.2 Foireann tacaíochta le hacmhainní digiteacha a fhorbairt agus a úsáid le héascú a dhéanamh ar fhoghlaim agus ar mheasúnú.	Stiúrthóir Scoileanna & Stiúrthóir BOO	2017 - 2021

Tosaíocht Straitéiseach 2.4
Aiseolas do agus ó fhoghlaimeoirí agus tuismitheoirí.

Gníomhartha Straitéiseacha	Ceannas	Achar ama
2.4.1 A chinntiú go ndéantar monatóireacht ar dhul chun cinn agus gnóthachtáil an fhoghlaimeora agus go bhfaigheann gach foghlaimeoir aiseolas go rialta, ar a n-áirítear moltaí agus straitéisí maidir le feabhsú.	Príomhoidí, Bainisteoirí & OOA's	2017 - 2021
2.4.2 Aiseolas a sholáthar go rialto do thuismitheoirí ár bhfoghlaimeoirí i scoileanna ar dhul chun cinn a gcuid leanaí.	Príomhoidí	2017 - 2021
2.4.3 Teagmháil a dhéanamh le foghlaimeoirí le haiseolas a lorg ar ár soláthar agus ár seirbhísí d'fhonn feabhsú leanúnach agus forbairt chláir a chur ar an eolas.	Príomhoidí, Bainisteoirí & OOA's	2017 - 2021
2.4.4 Fóraim fhoghlaimeoirí/thuismitheoirí BOOÁCDL a bhunú ar a n-áireofaí ionadaithe ó gach scoil, coláiste, ionad agus seirbhís le fócas ar theagasc agus foghlaim a phlé.	POF	2017 - 2020

Tosaíocht Straitéiseach 2.5
Comhionannas agus cuimsiú sóisialta gníomhach .

Gníomhartha Straitéiseacha	Ceannas	Achar ama
2.5.1 Straitéisí tacaíochta a dhéanann baic ar rannpháirtíocht a laghdú agus le comhionannas deise a chinntiú, le béim ar leith ar ghrúpaí tosaíochta agus ar dhaoine óga atá dífhostaithe.	Stiúrthóir Scoileanna & Stiúrthóir BOO	2017 - 2021
2.5.2 Straitéisí agus acmhainní a fhorbairt le tacú le scoileanna le hoideachas speisialta agus ionchuimsitheach a sholáthar agus le haghaidh a thabhairt ar mhíbhuntáiste oideachasúil.	Stiúrthóir Scoileanna	2017 - 2021
2.5.3 Polasaí comhionannais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chomh maith le cóid chleachtais iontrála ar fud ár soláthar BOO.	Stiúrthóir BOO	2017 - 2021

Sprioc Straitéiseach 3
Forbairt eagraíochta agus foirne.

Tosaíocht Straitéiseach 3.1
A bheith aitheanta mar phríomhsholáthraí le cultúr nuálaíochta agus feabhais.

Gníomhartha Straitéiseacha	Ceannas	Achar ama
3.1.1 An eagraíocht a athstruchtúrú d'fhonn an straitéis a fhorfheidhmiú agus freagairt d'athruithe ar pholasaí agus d'athruithe reachtaíochta.	POF	2017 - 2021
3.1.2 Straitéis bhrandála agus mhargaíochta a fhorbairt don eagraíocht.	Stiúrthóir ar Thacaíocht & ar Fhorbairt Eagraíochtúil	2017 - 2021
3.1.3 Ár gcláir agus ár ngníomhaíochtaí nuálacha a phoibliú d'fhonn cáilíocht agus rath ár soláthar a chur chun cinn.	Stiúrthóir ar Thacaíocht & ar Fhorbairt Eagraíochtúil	2017 - 2021
3.1.4 Cultúr nuálaíochta a chothú a bheadh oscailte maidir le hathrú agus feabhsú.	FBS	2017 - 2020
3.1.5 Ar mbunluachanna a chur chun cinn i ngach córas agus seirbhís atá againn.	FBS agus Príomhoidí, Bainisteoirí & OOA's	2017 - 2020
3.1.6 Córais athbhreithnithe agus measúnaithe a fhorbairt d'fhonn feabhas leanúnach ar ár seirbhís a chinntiú.	FBS agus Príomhoidí, Bainisteoirí & OOA's	2017 - 2020
3.1.7 Nuálaíocht i dteagasc agus i bhfoghlaim a chomhroinnt agus a chur chun cinn.	Stiúrthóir Scoileanna & Stiúrthóir BOO	2017 - 2021

Tosaíocht Straitéiseach 3.2
Rialachas eiticiúil le freagracht agus luach ar airgead a chinntiú.

Gníomhartha Straitéiseacha	Ceannas	Achar ama
3.2.1 Leanúint le dea-rialachas a dhaingniú ar fud na heagraíochta ag teacht le cód cleachtais BOOanna maidir le rialachas.	Stiúrthóir ar Thacaíocht & ar Fhorbairt Eagraíochtúil	2017 - 2021
3.2.2 Leanúint le feabhas a chur ar chórais le luach ar airgead ár gclár a thomhas.	Stiúrthóir ar Thacaíocht & ar Fhorbairt Eagraíochtúil	2017 - 2021
3.2.3 Athbhreithniú a dhéanamh ar ár n-acmhainní maidir le forfheidhmiú ár straitéise 5 bliana agus pleananna a fhorbairt dá réir.	FBS	2017 - 2021
3.2.4 Oibriú leis an Roinn Oideachais agus Scileanna lena chinntiú go mbíonn ár n-acmhainní pá agus neamhphá ag teacht le líon na bhfoghlaimeoirí inár soláthar.	POF	2017 - 2020

Tosaíocht Straitéiseach 3.3
Forbairt acmhainne do cheannasaíocht ghníomhach.

Gníomhartha Straitéiseacha	Ceannas	Achar ama
3.3.1 Straitéis phleanála chomharbais a fhorbairt le leanúnachas seirbhíse a chinntiú.	Stiúrthóir ar Thacaíocht & ar Fhorbairt Eagraíochtúil	2017 - 2020
3.3.2 Tacaíocht agus forbairt ghairmiúil a sholáthar don fhoireann le ról ceannaireachta agus/nó post freagrachta ar fud na heagraíochta.	FBS	2017 - 2021

Tosaíocht Straitéiseach 3.4
Tacaíocht don fhoireann, forbairt leanúnach gairmiúil agus gairmréime.

Gníomhartha Straitéiseacha	Ceannas	Achar ama
3.4.1 Creat agus plean bliantúil a fhorbairt do FLG ina ndéantar réimsí tosaíochta ar leith a aithint.	Stiúrthóir ar Thacaíocht & ar Fhorbairt Eagraíochtúil	2017 - 2020
3.4.2 Réimse de roghanna forbartha leanúnach gairmiúil a sholáthar le barr feabhais a chur chun cinn.	FBS	2017 - 2020

Sprioc Straitéiseach 4
Cumarsáid agus comhoibriú éifeachtach.

Tosaíocht Straitéiseach 4.1
Córais chumarsáide inmheánacha agus seachtracha feabhsaithe.

Gníomhartha Straitéiseacha	Ceannas	Achar ama
4.1.1 Creat a fhorbairt do TFC le feabhas a chur ar chumarsáid, ar chomhroinnt faisnéise agus ar líonrú go hinmheánach agus go seachtrach.	Stiúrthóir ar Thacaíocht & ar Fhorbairt Eagraíochtúil	2017
4.1.2 Feabhas a chur ar an eolas a chuirtear ar fáil don phobal.	Stiúrthóir ar Thacaíocht & ar Fhorbairt Eagraíochtúil	2017 - 2020
4.1.3 Feabhas a chur ar dheiseanna maidir le líonrú inmheánach agus tacú le feabhas a chur ar ár seirbhísí go leanúnach.	Stiúrthóir ar Thacaíocht & ar Fhorbairt Eagraíochtúil	2017 - 2020
4.1.4 Feabhas a chur ar réitigh MIS le tacú le soláthar i scoileanna, coláistí, ionaid agus seirbhísí.	Stiúrthóir ar Thacaíocht & ar Fhorbairt Eagraíochtúil	2017 - 2021

Tosaíocht Straitéiseach 4.2
Líonrú agus comhpháirtíochtaí straitéiseacha le príomhpháirtithe leasmhara.

Gníomhartha Straitéiseacha	Ceannas	Achar ama
4.2.1 Prótacail a fhorbairt le teagmháil a dhéanamh le ranna agus gníomhaireachtaí rialtais, comhlachtaí ionadaíocha fostóra agus páirtithe leasmhara eile.	FBS	2017
4.2.2 Comhoibriú le fóraim ábhartha le cur leis an bhforbairt leanúnach san earnáil oideachais agus oiliúna.	FBS	2017 - 2021
4.2.3 Feabhas a chur ar an nasc le comhlachtaí, gníomhaireachtaí agus páirtithe leasmhara ábhartha áitiúla agus náisiúnta le tacú leis na cláir agus na seirbhísí d'fhoghlaimeoirí.	FBS agus Príomhoidí, Bainisteoirí & OOAs	2017 - 2021

6.3 Forfheidhmiú

Beidh na spriocanna, na tosaíochtaí agus na gníomhartha seo mar bhonn le forfheidhmiú na bpleannanna do gach réimse den eagraíocht. Déanfar gníomhartha ó na pleananna forfheidhmithe a chomhtháthú sna pleananna bliantúla ag leibhéal na scoile, an choláiste, an ionaid agus na seirbhíse. Cé go bhfuil an eagraíocht tiomanta don Straitéis cúig bliana, tá a forfheidhmiú ag brath ar an bhfáil a bhíonn ar acmhainní.

Taispeánann an figiúir thíos an gaol idir an straitéis uileghabhálach agus na gníomhartha le haghaidh gach sraith ar leith den BOOÁCDL.



Figiúr 3: Ó Straitéis go Forfheidhmiú i BOOÁCDL

Giorrúcháin

CP	Coláiste Pobail
CBO	Coláiste Breisoideachais
BOOÁCDL	Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
DEIS	Comhdheiseanna a Sholáthar i Scoileanna
ROS	An Roinn Oideachais agus Scileanna
BTB	Béarla mar Theanga Bhreise
FÁS	Foras Áiseanna Saothair
BOO	Breisoideachas agus Oiliúint
TLU	Teanga, Litearthacht agus Uimhearthacht
DC	Dearbhú Cáilíochta
QQI	Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
RSO	Riachtanais Speisialta Oideachais
SOLAS	An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna
FCT	Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta
TL21	Clár um Thraschur Foghlama
CGO	Coiste Gairmoideachais

Aguisíní

Aguisín 1

Baill Bord Bainistíochta BOOÁCDL (mar a bhí ar an 1ú Eanáir 2017)

An Clr Mick Duff
An Clr Louise Dunne
An Clr Ken Farrell
An Clr Karen Furlong
An Clr Pat Hand
An Clr Brian Lawlor
An Clr Eithne Loftus
An Clr Mags Murray
An Clr Sorcha Nic Cormaic
An Clr Roderic O'Gorman (Leaschathaoirleach)
An Clr Liona O'Toole
An Clr Justin Sinnott
Rose Callan (Cathaoirleach)
Ciaran Duffy
Eithne Dunne
Claire Markey
Gerard McCaul
Gerry McGuire
Frank O'Hanlon
Olive Phelan
An Dr John Walsh

Aguisín 2

Scoileanna, Coláistí, Ionaid agus Seirbhísí i BOOÁCDL (mar a bhí ar 1ú Eanáir 2017)

Coláistí Pobail

CP Bhaile Adaim, Leamhcán Co Bhaile Átha Cliath
CP Ard Giolláin, Baile Brigín, Co Bhaile Átha Cliath
CP Bhaile Brigín, Baile Brigín, Co Bhaile Átha Cliath
IBO na Carraige Duibhe, An Charraig Dhubh, Co Bhaile Átha Cliath
CP Chaisleán Cnucha, Baile Átha Cliath 15
Coláiste Chilliain, Cluain Dolcáin, Co Bhaile Átha Cliath
Coláiste Cois Life, Leamhcán, Co Bhaile Átha Cliath
Coláiste de hÍde, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24
Coláiste Pobail Setanta, Baile Átha Cliath 15
Coláiste Breisoideachais Dhún Droma, Baile Átha Cliath
CP Pháirc Bhaile Uí Choileáin, Co Bhaile Átha Cliath
CP Ráth an Deagánaigh, Co Bhaile Átha Cliath
CP Dhomhnach Bat, Domhnach Bat, Co Bhaile Átha Cliath
IBO Dhún Laoghaire, Dún Laoghaire, Co Bhaile Átha Cliath
CP Fhine Gall, Sord, Co Bhaile Átha Cliath
CP Chill na nInín, Baile Átha Cliath 24
Gaelcholáiste Reachrann, Baile Átha Cliath 13
CP na Gráinsí, Domhnach Míde, Baile Átha Cliath 13
CP na nGlaschnoc, Baile Átha Cliath 12
CP Choill an Rí, Coill an Rí, Baile Átha Cliath 24
CP na Ciseoige, Leamhcán, Co Bhaile Átha Cliath
CP Mhóin Seiscinn, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24
CP Leamhcáin, Leamhcán, Co Bhaile Átha Cliath
CP Lusca, Lusca, Co Bhaile Átha Cliath
CP Bhaile Lotrail, Cluain Saileach, Baile Átha Cliath 15
CP Ghleanntán na hAbhann, Baile Bhlainséir, Baile Átha Cliath 15
CBO an Naigín, An Naigín, Co Bhaile Átha Cliath
CP na Sceirí, Na Sceirí, Co Bhaile Átha Cliath
CP Naomh Fhinín, Sord, Co Bhaile Átha Cliath
CP Naomh Caoimhín, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22
CP Naomh Mhic Dara, Teach Mealóg, Baile Átha Cliath 6W
CBO Stigh Lorgan, Stigh Lorgan, Co Bhaile Átha Cliath

Pobalscoileanna Náisiúnta

Scoil Choilm, Baile Átha Cliath 15
Scoil Ghráinne, Baile Átha Cliath 15
Scoil Chormaic, Baile Brigín, Co Bhaile Átha Cliath
Pobalscoil Náisiúnta Iarthar na Cathrach agus Theach Sagard, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24
Pobalscoil Náisiúnta Leamhcáin
Scoil Aoife, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24.

Ionaid Ógtheagmhála

Ógtheagmháil Bhaile Brigín
Ógtheagmháil Bhaile Bhlainséir
Ógtheagmháil Chluain Dolcáin
Ógtheagmháil Leamhcáin
Ógtheagmháil na Prióireachta, Tamhlacht
Ógtheagmháil Ráth Fearnáin
Ógtheagmháil an Rois
Spórt-theagmháil, An Naigín
Ógtheagmháil Shoird
Ógtheagmháil Thamhlachta
Aonad Oiliúna Óige agus Tacaíochta, Cluain Dolcáin.

Ionaid Oiliúna

Ionad Oiliúna Bhaile Dúill, Baile Átha Cliath 13
Ionad Oiliúna Bhaile Uí Lachnáin, Co Bhaile Átha Cliath
Ionad Oiliúna Thamhlachta, Baile Átha Cliath 24

Ionaid agus Seirbhísí Oideachais d'Aosaigh

Baile Brigín, Co Bhaile Átha Cliath
Baile Bhlainséir, Baile Átha Cliath 15
Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22
Dún Laoghaire, Baile Uí Lachnáin, Co Bhaile Átha Cliath
Dún Droma, Baile Átha Cliath 14
Leamhcán, Co Bhaile Átha Cliath
Sord, Co Bhaile Átha Cliath
Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24.

Soláthar & Tacaíocht Bhreise

Forbairt na hÓige & Spóirt
Scoil Champais Bhaile an Oibricigh
Óstáil ar an gclár náisiúnta Scileanna le haghaidh Oibre
Uaireanta Comhoibrithe

Aguisín 3

Téamaí Straitéiseacha do Sholáthar Bun agus Dara Leibhéal BOOÁCDL (mar a bhí ar 1ú Eanáir 2017)

Tógann na téamaí seo riachtanais ilchineálacha na bpáistí agus na ndaoine óga san scoilcheantar seo againne san áireamh. Déanann na tosaíochtaí straitéiseacha seo freagairt freisin do thionscnaimh nua i dteagasc agus i bhfoghlaim chomh maith le riachtanais fhorbartha ghairmiúla na gceannairí reatha agus na gceannairí atá ag teacht chun cinn inár scoileanna.

Aguisín 4

Spriocanna Straitéiseacha do Sholáthar Breisoideachais agus Oiliúna BOOÁCDL (mar a bhí ar 1ú Eanáir 2017)

Tá siad seo bunaithe ar na spriocanna straitéiseacha sa Straitéis náisiúnta Breisoideachais agus Oiliúna do 2014 – 2019 a d'fhoilsigh SOLAS. Déanfaidh BOOÁCDL deimhin de go mbíonn a sholáthar BOO ag teacht le riachtanais na bhfoghlaimeoirí. Déanfar freagraí nuálacha a fhorbairt le freastal ar riachtanais an gheilleagair atá ag teacht as cúlú agus luach ar airgead á chinntiú ag an am gcéanna.



ddletb

Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
Dublin and Dún Laoghaire Education and Training Board

Bord Oideachais agus Oiliúna
Átha Cliath agus Dhún Laoghaire

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht
Baile Átha Cliath 24
D24X62W

Dublin and Dún Laoghaire
Education and Training Board

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght
Dublin 24
D24X62W